Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2016,
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil), 2004 agus
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) (Leasú) 2011

Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 agus Tuarascáil Comhshaoil

Síneadh ama leis an Tréimhse Chomhairliúcháin go dtí 4pm Dé hAoine 1 Meán Fómhair 2017.

(Mar gheall ar earráid cló sa ríomhphost ar shuíomh idirlín na Comhairle agus le deis bhreise a thabhairt don phobal le linn laethanta saoire an tsamhraidh)

Bíodh seo ina fhógra, de bhun Cuid II, ailt 11, 12(1) agus 12(2) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2017:-

1. go bhfuil Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 ullmhaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall de réir fhorálacha alt 11 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2017 i ndáil le limistéar feidhme Chomhairle Chontae Dhún na nGall, lena n-áirítear Leitir Ceanainn, Bun Crannchа agus Bun Dobhráin a bhain roimhe seo leis an Iar-Chomhairle Baile.

2. Tá (i) Tuarascáil Comhshaoil ullmhaithe ag an gComhairle freisin de réir Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004 agus Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) (Leasú) 2011 agus; (ii) Tuarascáil Tionchair Natura (Céim 2 Measúnú Cuí) de réir Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga ón AE (92/443/EEC). Tá an Tuarascáil Comhshaoil ag dul le Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024.

3. Is féidir cóip de Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 agus an Tuarascáil Comhshaoil a scrúdú agus/nó a cheannach (ar tháille €45) le linn gnáthuaireanta oifige ón Aoine an 19ú Bealtaine 2017 go dtí dáta druidte úr sínithe **ar 4pm Dé hAoine 1 Meán Fómhair 2017 (na dátaí sin san áireamh)** ag na hoifigí seo a leanas de chuid na Comhairle:
   - An Oifig Pleanála, An Láraonad Pleanála, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear.
   - Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T. Blaney, Leitir Ceanainn
   - Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile na nGallóglach, An Phríomhshráid, Baile na nGallóglach
   - Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath.
   - Ionad Seirbhísí Poiblí Charn Domhnach, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach
   - Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall.

   Is féidir féachaint freisin ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 agus an Tuarascáil Comhshaoil in áiseanna leabharlainne sa Chontae le linn gnáthuaireanta oscailte. Nó is féidir an Dréachtphlean agus an Tuarascáil Comhshaoil a scrúdú ar líne ag www.donegalcoco.ie.

4. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí scríofa maidir le Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2018-2024 agus an Tuarascáil Comhshaoil a dhéanamh idir an Aoine an 19 Bealtaine 2017 **agus an Aoine 1 Meán Fómhair 2017** (na dátaí sin san áireamh) chuig an Údarás Pleanála ag: An Láraonad Pleanála, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear agus glacfar san áireamh iad sula ndéanfar an plean. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh ar

ríomhphost chuig **donegalcdp@donegalcoco.ie** Ní mór ainm agus seoladh iomlán an té atá ag déanamh na haighneachta a bheith luaite san aighneacht.
Tabhair ar aird: Ná seol d'aighneacht ach ar shlí amháin i.e. cóip chrua nó ar ríomhphost. **Tá síneadh ama curtha leis an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí go dtí 4pm Dé hAoine 1 Meán Fómhair 2017**
NÓTA: Tharla an síneadh ama seo leis an dáta le haighneachtaí a chur isteach (i) de bharr go raibh earráid cló sa seoladh ríomhphoist ar leith a bhí ar shuíomh idirlín na Comhairle agus (ii) le ham breise a chur ar fáil chun aighneachtaí a dhéanamh le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Má rinneadh aighneacht trí ríomhphost roimh an 13 Iúil 2017 agus más rud é nach bhfuair tú admháil ar ais i bhfoirm ríomhphoist, moltar duit d'aighneacht a chur isteach arís chuig donegalcdp@donegalcoco.ie.

5. Tá Tuarascáil Tionchair Natura (Céim 2 Measúnú Cuí) le fáil lena hiniúchadh ag na hionaid a leagtar amach ag 3 thuas.

Paddy Doherty,
Stiúrthóir Gníomhach, Seirbhísí Pobail, Fiontair agus Pleanála,
Teach an Chontae,
Leifear,
Contae Dhún na nGall.
F93Y622